**RABHADH**
**Ní mór duit an páipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.**

**Scrúduimhir an Iarrthóra**
☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2015

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

DÉ MÁIRT 9 MEITHEAMH 2015 – MAIDIN 9.30 – 12.00

## ROINN A

**(80 marc)**

- Tá 4 mharc ag gabháil le gach ceist i Roinn A.
- Freagair **GACH** ceist.
- Bronnfar marcanna ar obair, ar leagan amach agus ar chur i láthair, fóiliónna agus dátaí san áireamh de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

# ROINN A

**(80 marc)**

**Freagair an 20 ceist ar fad. Tá 4 mharc ag gabháil le gach ceist.**

---

**1.** Úsáidtear na ceannlitreacha seo a leanas sa Teicneolaíocht Faisnéise. Cad dó a seasann siad?

| | |
|---|---|
| **AAT (VDU)** | |
| **WWW** | |
| **LAP (CPU)** | |

**2.** Luaigh sampla **amháin** de Chumarsáid Bhéil agus sampla **amháin** de Chumarsáid Scríofa i ngnólacht.

| | |
|---|---|
| **CUMARSÁID BHÉIL** | |
| **CUMARSÁID SCRÍOFA** | |

**3.** Líon isteach na **trí** bhosca bhána uimhrithe **(i)** go **(iii)** chun an sliocht as an gClár Comhardaithe thíos a chomhlánú:

| **Sliocht as Clár Comhardaithe ar an 31-12-2014** | | |
|---|---|---|
| | € | € |
| **(i)** | | 540,000 |
| Sócmhainní Reatha | **(ii)** | |
| Lúide Fiachais Reatha | 59,000 | |
| **(iii)** | | 70,000 |
| Iomlán na nGlansócmhainní | | 610,000 |
| | | |

**4.** Tá na figiúirí seo a leanas sna Cuntais Chríochnaitheacha ag cuideachta:

**Brabús Comhlán €160,000** **Díolacháin €640,000** **Speansais Iomlána €64,000**

Ríomhtar Céatadán an Ghlanbhrabúis mar seo: $\frac{\text{Glanbhrabús}}{\text{Díolacháin}} \times \frac{100}{1}$

Bain úsáid as na figiúirí thuas agus ríomh Céatadán an Ghlanbhrabúis.
Taispeáin do chuid oibre.

| **Freagra**: |
|---|
| % |

| Obair: |
|---|
| |

**5.** Mínigh an téarma 'Achtúire'.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**6.** Ar 5 Meitheamh 2015, cheannaigh S. Ó Maolalaidh, siopadóir, earraí ar €1,700 le seic. Comhlánaigh **cuntais mhórleabhair S**. **Uí Mhaolalaidh** agus taispeáin ainmneacha na gcuntas agus na sonraí ábhartha, uimhrithe ó **(i)** go **(iv)**:

**(i) Cuntas** ____________________

Dr Sr

| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
|---|---|---|---|---|---|
| 2015<br>5 Meith. | **(ii)** | 1,700 | | | |

**(iii) Cuntas** ____________________

Dr Sr

| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | 2015<br>5 Meith. | **(iv)** | 1,700 |

**7.** Comhlánaigh **agus** comhardaigh an Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe ar an 31 Bealtaine 2015 ón eolas seo a leanas:

| | € |
|---|---|
| Iarmhéid na bhFéichiúnaithe ar an 1 Bealtaine 2015 | 5,900 |
| Díolacháin chreidmheasa iomlána i mí na Bealtaine | 6,100 |
| Airgead síos iomlán a fuarthas ó fhéichiúnaithe i mí na Bealtaine | 5,400 |

| Dr | | **Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe** | | | Sr |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**NÓ (Formáid Mhalartach)**

| **Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Dr | Sr | Iarmhéid |
| | | € | € | € |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

**8.** Mínigh an téarma 'Ionadú Iompórtálacha' agus tabhair sampla á léiriú sin.

**9.** Cuir tic (✓) sna colúin chuí chun a thaispeáint cén áit sna cuntais chríochnaitheacha de chuid gnólacht feirmeoireachta ba cheart na míreanna seo a leanas a iontráil ar an 31/12/2014:

| | **Ráiteas Oibriúcháin** | **Clár Comhardaithe** |
|---|---|---|
| Díolachán féar tirim | | |
| Stoc leasú talún (31/12/2014) | | |
| Stáblaí | | |

**10.** Mínigh an téarma 'Fruilcheannach'.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**11.** Iontráil na hiarmhéideanna seo a leanas i Leabhar Cúnta Ginearálta Uí Dhrisceoil Teo. atá páirtchomhlánaithe:

| | | |
|---|---|---|
| 1 Eanáir 2015 | Rótharraingt Bhainc | €22,500 |
| | Creidiúnaithe | €26,600 |
| | Gnáth-Scairchaipiteal | €762,900 |

| **Ó Drisceoil Teo. – Leabhar Cúnta Ginearálta** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | F | Dr | Sr |
| | | | € | € |
| | Foirgnimh | $MLG_1$ | 812,000 | |
| | Rótharraingt Bhainc | $LA_1$ | | |
| | Creidiúnaithe | $MLC_1$ | | |
| | Gnáth-Scairchaipiteal | $MLG_2$ | | |
| | *Sócmhainní, Fiachais agus Scairchaipiteal Ui Dhrisceoil Teo. ar an dáta seo.* | | | |

**12.** Bhí €19,000 ag gnólacht ar fhéichiúnaí. Dearbhaíodh an féichiúnaí ina fhéimheach agus d'íoc sé 45 cent san euro. Díscríobhadh an t-iarmhéid mar dhrochfhiach.

Ríomh an méid a díscríobhadh mar dhrochfhiach: (Taispeáin do chuid oibre.)

| **Freagra**: |
|---|
| € |

| Obair: |
|---|
| |

**13.** Mínigh **dhá** chúis le hAischuir Isteach.

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________


______________________________

**14.** Roghnaigh an doiciméad ceart as an liosta seo a leanas chun gach ceann de na **trí** bhosca bhána sa tábla thíos a chomhlánú:

| **Seic** | **Sonrasc** | **Nóta Creidmheasa** |
|---|---|---|

| **Seolann Ceannaitheoir** | **Seolann Díoltóir** |
|---|---|
| **1.** Litir Fhiosraithe | **2.** Luachan |
| **3.** Ordú | **4.** |
| **5.** Aischuir | **6.** |
| | **7.** Ráiteas |
| **8.** | **9.** Admháil |

**15.** Líon isteach na **trí** bhosca bhána agus comhlánaigh an Chairt Eagraíochta de chuid cuideachta theoranta a bhfuil ceithre roinn inti:




**16.** Comhlánaigh an sliocht seo a leanas as sonrasc:

| | € |
|---|---|
| Iomlán (gan CBL san áireamh) | **1500.00** |
| Lascaine Thrádála **35%** | |
| Fo-iomlán | |
| CBL **23%** | |
| Iomlán (CBL san áireamh) | |

**17.** Bain úsáid as an eolas atá agat ar na tosca táirgeachta agus a luachanna saothair/íocaíochtaí agus líon isteach an t-eolas atá ar iarraidh sna boscaí bána thíos:

| **TOSCA TÁIRGEACHTA** | | **LUACH SAOTHAIR/ÍOCAÍOCHT** |
|---|---|---|
| **(i)** | Talamh | Cíos |
| **(ii)** | Caipiteal | |
| **(iii)** | Fiontraíocht | |
| **(iv)** | Saothar | |

**18.** I **gColún 1** tá liosta de Chineálacha Gnólachta. I **gColún 2** tá liosta ráiteas ar féidir iad a mheaitseáil leis na Cineálacha Gnólachta sin.
(*Tá ráiteas amháin ann nach mbaineann le ceann ar bith de na Cineálacha Gnólachta*.)

| **Colún 1 – Cineálacha Gnólachta** | **Colún 2 – Ráitis** |
|---|---|
| **1.** Trádálaí Aonair | **A.** Bíonn na litreacha **CPT** i ndiaidh an ainm |
| **2.** Cuideachta Phríobháideach Theoranta | **B.** Bíonn dliteanas neamhtheoranta ag an úinéir |
| **3.** Comharchumann | **C.** Bíonn na litreacha **Teo**. i ndiaidh an ainm |
| | **D.** Bíonn vóta amháin ag gach ball |

Cuir litir an ráitis atá ceart faoin uimhir ábhartha thíos agus meaitseáil an dá liosta:


| **1.** | **2.** | **3.** |
|---|---|---|
| | | |

**19.** Iontráil an beart seo a leanas i Leabhar Aischur Amach De Faoite Teo.:

Ar an 24 Bealtaine 2015, chuir De Faoite Teo. earraí €5,000 ar ais go dtí Ó Duibh Teo. (Nóta Creidmheasa Uimh. 50). Is é 23% an ráta CBL ar na hearraí seo.

| **De Faoite Teo. – Leabhar na nAischur Amach** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Uimh. NC | F | Glan € | CBL € | Iomlán € |
| | | | | | | |

**20.** Ainmnigh **gach ceann** de na Modhanna chun Díolacháin a Chur Chun Cinn a léirítear thíos. Scríobh do fhreagraí sna boscaí faoi gach ceann acu. (Tá freagra amháin comhlánaithe cheana.)

<table>
<tr>
<td>
</td>
<td>
</td>
<td>
</td>
</tr>
<tr>
<td>1.</td>
<td>2.</td>
<td>3. Cárta Dílseachta</td>
</tr>
</table>

**Le húsáid le Roinn B – Ceist 1 (A agus B)**

**(A)**

| | Iúil | Lún. | M.F. | D.F. | Iomlán Iúil – D.F. | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | | |
| **IONCAM IOMLÁN** | 2,420 | 2,285 | 2,385 | 2,285 | | | |
| **CAITEACHAS IOMLÁN** | 1,795 | 2,045 | 1,935 | 2,025 | | | |
| Coigilteas | 450 | 450 | 450 | 450 | | | |
| (Caiteachas Iomlán agus Coigilteas) **EISÍOCAÍOCHTAÍ IOMLÁNA** | 2,245 | | | | | | |
| Airgead Glan | | | | | | | |
| Airgead Tosaigh | | | | | | | |
| Airgead Deiridh | | | | | | | |

**(B)**

| (i) Cad is buiséad ann? | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|
| **Freagra**: | | |
| | | |
| | | |

| (ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a n-ullmhófaí buiséad. | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|
| **Cúis 1**: | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **Cúis 2**: | | |
| | | |
| | | |
| | | |

| (iii) | Ainmnigh mí ar bith a bhfuil sé pleanáilte ag teaghlach Uí Dhuibhir easnamh a bheith acu **agus** méid an easnaimh. | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|---|
| | **Mí**: **Méid**: € | | |

| (iv) | Mol slí **amháin** chun an t-easnamh seo a líonadh. | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|---|
| | **Freagra**: | | |
| | | | |
| | | | |

| (v) | An raibh sé sa phlean ag teaghlach Uí Dhuibhir maireachtáil laistigh dá n-ioncam i rith na tréimhse Iúil go Deireadh Fómhair 2015? | BHÍ | | *(Cuir tic sa bhosca cuí, le do thoil.)* | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | NÍ RAIBH | | | | |
| | Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra. | | | | | |
| | **Cúis**: | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |

(vi) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu Seasta, Neamhrialta nó Roghnach an rangú a dhéanfaí ar gach ceann de na speansais chairr thíos.

| **Speansas Cairr** | **Seasta** | **Neamhrialta** | **Roghnach** | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Táille TNG** | | | | | |
| **Díosal** | | | | | |
| **Rothaí Cóimhiotail Nua** | | | | | |
| **Seirbhís Chairr** | | | | | |

**Le húsáid le Roinn B – Ceist 1 (C)**

| | |
|---|---|
| Dáta | |
| Chuig | |
| Iarmhéid t/a | *€ 954.00* |
| Lóisteáil | |
| Iomlán | |
| An Seic seo | |
| Iarmhéid t/aa | |
| **1708** | |

93-55-12

# AIB

CIONN TSÁILE, CO. CHORCAÍ

Dáta ____________

Íoc ____________ nó ordú **euro euro euro**

____________ €

SINÉAD NÍ DHUIBHIR

____________

**1708** **935512** **545914**

## Le húsáid le Roinn B – Ceist 3 (B) (i)

| | |
|---|---|
| **(B)** (i) | Tarraing barrachairt leis an gcaiteachas a thaispeáint. |

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach
Bán

2015. S43T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2015

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

DÉ MÁIRT 9 MEITHEAMH 2015 – MAIDIN 9.30 - 12.00

# ROINN B

**(160 marc)**

- Tá 40 marc ag gabháil le **GACH** ceist.
- Freagair **CEITHRE** cheist ar bith.
- Bronnfar marcanna ar obair, ar leagan amach agus ar chur i láthair, fóilíónna agus dátaí san áireamh de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid

**1.** **Ceist í seo faoi Bhuiséad Teaghlaigh**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

**(A)** Ar *leathanach 9 de Roinn A* tá achoimre pháirt-chomhlánaithe ar bhuiséad teaghlaigh Uí Dhuibhir do na míonna Iúil go Deireadh Fómhair 2015. Iarrtar ort an buiséad a chomhlánú agus na figiúirí cuí a iontráil sa cholún '**Iomlán**' agus na figiúirí atá in easnamh in '**Eisíocaíochtaí Iomlána**', '**Airgead Glan**', '**Airgead Tosaigh**' agus '**Airgead Deiridh**'.

Ar 1 Iúil 2015 meastar go mbeidh €596 d'airgead ar láimh ag teaghlach Uí Dhuibhir.

(11)

**(B)** Freagair na ceisteanna seo a leanas sna spásanna cuí ar leathanaigh *9 & 10 de Roinn A*.

(i) Cad is buiséad ann?

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis go n-ullmhófaí buiséad.

(iii) Ainmnigh mí ar bith a bhfuil sé pleanáilte ag teaghlach Uí Dhuibhir easnamh a bheith acu **agus** méid an easnaimh sin.

(iv) Mol slí **amháin** chun an t-easnamh seo a líonadh.

(v) An raibh sé sa phlean ag teaghlach Uí Dhuibhir maireachtáil laistigh dá n-ioncam i rith na tréimhse Iúil go Deireadh Fómhair 2015? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

(vi) Freagair an cheist seo a leanas sa spás atá curtha ar fáil *ar leathanach 10 de Roinn A*.

Tá carr cúig bliana d'aois ag teaghlach Uí Dhuibhir. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu Seasta, Neamhrialta nó Roghnach an rangú a dhéanfaí ar na speansais seo a leanas ina mbuiséad teaghlaigh:

Táille TNG    Díosal    Rothaí Cóimhiotail Nua    Seirbhís Chairr

(21)

**(C)** Ar 16 Meitheamh 2015 d'íoc Sinéad Uí Dhuibhir préimh an árachais chairr €545 le hÁrachas an Daingin Teo. le seic. Ós rud é go raibh an seic le seoladh tríd an bpost shocraigh sí ar é a dhéanamh chomh slán agus ab fhéidir léi.

Comhlánaigh an Seic agus an Comhdhuille ar *leathanach 11 de Roinn A.*

(8)

**(40 marc)**

**2.** **Ceist í seo ar Chuntas Club**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Bhí stoc tosaigh €2,600 ag Club Gailf Uí Mharcaigh ina bhialann ar 1 Eanáir 2014.
Seo thíos achoimre ar bhearta airgeadais an Chlub don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014:

| | |
|---|---|
| **Fáltais**: | **€** |
| Díolacháin sa bhialann | 10,850 |
| Ioncam ón tSeachtain Oscailte | 6,250 |
| Síntiúis | 10,140 |
| Ioncam ón Raifil | 7,800 |
| Táillí Imeartha | 11,200 |
| | |
| **Íocaíochtaí**: | **€** |
| Árachas | 5,459 |
| Ceannachán Tarracóra | 22,500 |
| Deisiúcháin ar Threalamh | 920 |
| Ceannacháin don Bhialann | 6,900 |
| Speansais Ghinearálta | 5,320 |
| Solas agus Teas | 4,520 |
| Caiteachas ar an tSeachtain Oscailte | 1,590 |
| Speansais Raifil | 6,730 |

Eolas breise ar 31 Nollaig 2014:

(i) Stoc sa Bhialann €1,400
(ii) Solas agus Teas dlite €420
(iii) Síntiúis réamhíoctha €320
(iv) Árachas réamhíoctha €280
(v) Tarracóir le dímheas de 10%.

**(A)** Ullmhaigh:
(i) Cuntas Trádála Bialainne don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014.
(ii) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014. (34)

**(B)** Ag an CGB (AGM), luaigh an tOifigeach Club a thugann tuairisc ar na cuntais do na baill an méadú a bhí tagtha ar chaipiteal an chlub.

(i) Cén teideal atá ar an Oifigeach Club a thugann tuairisc ar na cuntais do na baill?
(ii) Cén téarma ceart a úsáidtear chun cur síos ar chaipiteal an chlub?
(iii) Luaigh agus mínigh feidhm **amháin** a d'fhéadfaí a bhaint as an gcaipiteal seo. (6)

**(40 marc)**

**3.** **Ceist í seo a bhaineann le Buiséad Náisiúnta agus le Caiteachas Náisiúnta**.

***Freagair gach cuid den cheist seo*:**

**(A)** Tugadh na figiúirí seo thíos ar Lá an Bhuiséid mar réamh-mheastacháin don bhliain 2015:

| **Príomh-Mhíreanna Ioncaim agus Caiteachais** | **Figiúirí Measta ina Milliúin €** |
|---|---|
| Cáin Chorparáide | 675 |
| Seirbhísí Sláinte | 3,500 |
| Dleachtanna Máil | 335 |
| ÍMAT | 3,925 |
| Coimirce Shóisialach | 1,750 |
| Oideachas agus Scileanna | 2,000 |
| Fónamh ar Fhiachas | 1,250 |
| CBL | 3,150 |
| Cúrsaí Mara agus Talmhaíochta | 1,000 |

(i) Dréachtaigh an Buiséad Náisiúnta do 2015 ón eolas thuas.
Luaigh cé acu an Buiséad 'barrachais' nó 'easnaimh' é.

(ii) Ainmnigh an Roinn Rialtais a bhfuil sé de chúram uirthi an Buiséad Náisiúnta a ullmhú.

(13)

**(B)** (i) *Ar leathanach 12 de Roinn A,* tarraing barrachairt leis an gcaiteachas thuas a thaispeáint.

(ii) Déan idirdhealú idir Caiteachas Caipitil agus Caiteachas Reatha an Rialtais. Bain úsáid as sampla **amháin** de **gach** cineál caiteachais díobh chun do fhreagra a mhíniú.

(iii) Mínigh **gach aon cheann** de na téarmaí seo a leanas le sampla **amháin**:


- Dleachtanna Máil
- Fónamh ar Fhiachas.

(27)
**(40 marc)**

**4.** **Ceist í seo a bhaineann le Tomhaltóirí agus le hÁrachas**

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Beidh Breandán Mistéil ag filleadh ar Éirinn ar an 1 Iúil 2015 agus beidh cónaí air ag An Ché, An tInbhear Mór, Co. Chill Mhantáin. Tá sé ag iarraidh a intinn a dhéanamh suas idir dhá chuideachta leictreachais faoi choinne a thí nua. Tar éis dó taighde a dhéanamh ar 'Coigilteoir Leictreach' agus ar 'Cumhacht Leictreach' soláthraíonn sé an t-eolas seo a leanas:

| **Sonraí** | **Coigilteoir Leictreach**  | **CUMHACHT LEICTREACH**  |
|---|---|---|
| Buanmhuirear | €10.50 in aghaidh na míosa | €10.90 in aghaidh na míosa |
| Ráta Aonaid | €0.1701 an t-aonad | €0.1715 an t-aonad |
| Lascainí | 15% lascaine ar leictreachas **a úsáideadh** | 20% lascaine ar leictreachas **a úsáideadh** |
| CBL | 13.5% | 13.5% |

**(A)** Measann Breandán gur 400 aonad leictreachais a úsáidfidh sé gach mí. Ríomh an costas iomlán in aghaidh na míosa don **gach** chuideachta. (Taispeáin do chuid oibre.) Cén chuideachta a mholfá dó a roghnú? Mínigh do fhreagra. (12)

**(B)** Chuaigh sé i dteagmháil lena chara, Gearóid Ó Murchú, An Chearnóg, Ráth Domhnaigh, Co. Laoise le comhairle a lorg uaidh i dtaobh árachas tí a cheannach.

Dréachtaigh an litir a scríobh Gearóid chuig Breandán inar mhínigh sé prionsabail an árachais a bhíonn i gceist nuair a cheannaítear árachas. Úsáid dáta an lae inniu.

(20)

**(C)** Scrúdaigh na comharthaí seo a leanas a bhí ar taispeáint i bhfuinneog siopa spóirt:

**Ní mhalartófar earraí**

***Téigh-ag-Rith***
**Bróga Reatha**
**Ráthaithe tú a chur ag rith a 10 n-oiread níos tapúla!!!**



(i) Ainmnigh an dlí tomhaltais a bhaineann le **gach** cás díobh.
(ii) Luaigh an prionsabal ábhartha dlí tomhaltais a sáraíodh i ngach cás díobh.

(8)
**(40 marc)**

5. **Ceist í seo a bhaineann le Leabhar Airgid Anailísithe agus le Baincéireacht Phearsanta**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Baineann Máire Ní Cheallaigh úsáid as Leabhar Airgid Anailísithe chun a cuntais tí a thaifeadadh.

Níl cuntas bainc aici.

**(A)** Ullmhaigh Leabhar Airgid Anailísithe Mháire Ní Cheallaigh do mhí na Bealtaine 2015 ó na sonraí atá luaite thíos:

Nóta: Bain úsáid as na ceannteidil cholúin airgid seo a leanas:

**Taobh an Dochair (Fáltais)**: Airgead Pinsean Eile

**Taobh an tSochair (Íocaíochtaí)**: Airgead Tíos Solas agus Teas Árachas Eile

| Dáta | Bearta | Méid € |
|---|---|---|
| 1 Beal. 2015 | Airgead Tosaigh | 750 |
| 4 Beal. 2015 | Fuair Máire a pinsean míosúil | 940 |
| 7 Beal. 2015 | D'íoc sí as earraí grósaera | 175 |
| 9 Beal. 2015 | D'íoc sí bille an gháis | 135 |
| 13 Beal. 2015 | D'íoc sí tabhartas carthanúil | 10 |
| 15 Beal. 2015 | D'íoc sí bille míosúil an árachais tí | 30 |
| 19 Beal. 2015 | D'íoc sí bille an bhreosla | 145 |
| 20 Beal. 2015 | D'íoc sí as earraí grósaera | 165 |
| 23 Beal. 2015 | D'íoc sí an gruagaire | 40 |
| 26 Beal. 2015 | D'íoc sí bille míosúil an árachais sláinte | 150 |
| 27 Beal. 2015 | D'íoc sí an búistéir | 90 |
| 30 Beal. 2015 | Bua sa Lató | 50 |
| 31 Beal. 2015 | D'íoc sí as earraí grósaera | 95 |

(17)

**(B)** Tá Máire buartha faoina sábháilteacht phearsanta de bharr gur airgead tirim amháin a úsáideann sí. D'iarr sí comhairle ar gharpháiste léi, atá ag déanamh Staidéar Gnó, faoi chuntas bainc a bheith aici.

Cad iad na freagraí ba chóir don gharpháiste a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas?

(i) Ainmnigh **trí** riachtanas nach foláir do dhuine a chomhlíonadh nuair a bhíonn cuntas bainc á oscailt aige/aici.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhifríocht atá idir cuntas reatha agus cuntas taisce.

(iii) Luaigh agus mínigh conas a d'aistreofaí a pinsean míosúil go dtí a cuntas bainc.

(iv) Taispeánann Leabhar Airgid Anailísithe Mháire na trí bhille tí seo a leanas:

- Gás
- Árachas sláinte míosúil
- Earraí Grósaera.

Mínigh **trí** mhodh dhifriúla a d'fhéadfadh Máire a úsáid chun **gach aon cheann** de na billí seo a íoc as a cuntas bainc nua.

(23)

**(40 marc)**

**6.** **Ceist í seo a bhaineann le Daoine ag Obair**.

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Bhí an fógra seo a leanas ar nuachtán:

**Meánach Teo.**
**Lána an Mhuilinn**
**Inis Córthaidh**

**Foireann Teilidhíola ag teastáil**

Iarratasóirí baineanna amháin

Bunphá: €546 ar sheachtain 39 uair an chloig

Ragobair agus Fleisc-Am ar fáil

Béasa maithe teileafóin riachtanach

Béilí ar chostas laghdaithe

Cuir iarratas i scríbhinn *nó* ar r-phost chuig
meanach@biseach.com

Is fostóir comhdheise é Meánach Teo.

**(A)** (i) Mínigh cad atá neamhdhleathach san fhógra thuas.

(ii) Mínigh na **ceithre** théarma san fhógra thuas a bhfuil líne fúthu.

(iii) Chuir Michelle Ní Loingsigh isteach ar an bpost agus chuir sí a Curriculum Vitae (CV) ar aghaidh. Ar CV Michelle tá a hainm, a seoladh agus a huimhir theileafóin. Luaigh **trí** phíosa eile eolais a thabharfadh Michelle ar a CV.

(20)

**(B)** D'éirigh le hiarratas Michelle ar an bpost. An chéad seachtain ag obair di, thug ionadaí an cheardchumainn áitiúil cuireadh di dul isteach sa cheardchumann.

(i) Cén teideal a úsáidtear chun ionadaí an cheardchumainn áitiúil i Meánach Teo. a shainaithint, de ghnáth?

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** sheirbhís is féidir leis an duine seo a thairiscint do Michelle.

(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhreagracht atá ar Michelle i leith a fostóra.

(iv) Maidir leis an ragobair, íocann Meánach Teo. am go leith ar na chéad seacht n-uaire an chloig agus am dúbailte ina dhiaidh sin.

Ríomh ollphá Michelle má oibríonn sí 49 uair an chloig seachtain éigin.
Taispeáin do chuid oibre. (20)

**(40 marc)**

## NÁ DÉAN DEARMAD AR ROINN 'A' A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach
Bán

Leathanach
Bán